Achoimhre ar Phlean Feabhsúcháin Scoile
Scoil Fhursa
Meán Fómhair 2018- Meitheamh 2019
Matamaitic

Achoimhre ar Phríomh Réimsí Feabhsúcháin na Scoile	➢ Luaigh na cigirí le linn an MSU 2015 gur mhaith leo tuilleadh fearas mata a fheiceáil in úsaid le linn an rang mata. Mar sin táimid ag súil go léireoidh na páistí tuiscint trí fearas a usáid agus ag díriú ar na snáithe seo: Meáchan , Cruth agus Spás ➢ Feabhas a chur ar ábaltacht na bpáistí tabhairt faoi fadhbanna meáchan/cruth & spás a réiteach go neamhspleách. ➢ Dearcadh níos fearr a bheith ag na páistí ar mhata. ➢ Mata a dhéanamh níos taitneamhaí trí usáid a bhaint as bogábhar agus suíomhanna idirlín. ➢ Bhí imní ar roinnt mhúinteoirí go raibh cúrsaí Mata ó thaobh mata meabhrach lag i mionlach suntasach agus mar sin mata meabhrach a dhéanamh ó bhéal amháin mar pháirt den rang mata gach lá. (10 nóiméad) ➢ Torthaí maithe ón Drumcondra sa Mhatamaitic.Taispeánann na trialacha chaighdeánaithe matamaitic seo go bhfuil na páistí ar fad ag baint amach leibhéal níos fearr ná an noirm náisiúnta. Tá 70.3% de na páistí idir an 51ú – 99ú percentile. Ta 34.6 % de na páistí ag 85ú percentíl nó os a chionn. Tá muid ag súil go leanfaidh an pátrúin sin, ach gur fiú athbhreithniú a dhéanamh i 2016 ar na snáithe thuasluaite. ➢ Táimid ag súil go dtiocfaidh ardú 2% ar an ceatadán páistí a bhaineann an sprioc amach ó thaobh na snáithe thuasluaite i gcomhthéacs torthaí Drumcondra, mar go mbeidh béim níos mó ar fearas mata a úsáid.
Spriocanna Feabhsúchain Meitheamh 2018-19	• Tuilleadh fearas mata a úsaid le linn an rang mata. Mar sin, táimid ag súil go léireoidh na páistí tuiscint trí fearas a usáid agus ag díriú ar na snáithe seo: *Meáchan *Cruth agus Spás • Druil laethiúl le teanga na mata i ngach rang. • Feabhas a chur ar ábaltacht na bpáistí tabhairt faoi fadhbanna meáchan/cruth & spás a réiteach go neamhspleách. • Dearcadh níos fearr a chothú ar mhata agus é a dhéanamh níos taitneamhaí trí usáid a bhaint as bogábhar agus suíomhanna idirlín. (Mangahigh & irl.) • Mata meabhrach a dhéanamh ó bhéal amháin mar pháirt den rang mata gach lá. (10 nóiméad) • Na torthaí maithe ón Drumcondra thuasluaite sa Mhatamaitic a choinneál. • Táimid ag súil go dtiocfaidh ardú 2% ar an ceatadán páistí a bhaineann an sprioc amach ó thaobh na snáithe thuasluaite i gcomhthéacs torthaí Drumcondra, mar go mbeidh béim níos mó ar fearas mata a úsáid.